Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9304/25**

**TRANS 198**
**ENV 390**
**SOC 308**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 3068 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOIMISIÚN<br>an 22.5.2025<br>maidir le bochtaineacht iompair: soghluaisteacht inacmhainne, inrochtana agus chothrom a áirithiú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 3068 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 3068 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.5.2025
C(2025) 3068 final

# MOLADH ÓN gCOIMISIÚN

## an 22.5.2025

## maidir le bochtaineacht iompair: soghluaisteacht inacmhainne, inrochtana agus chothrom a áirithiú

GA GA

**MOLADH ÓN gCOIMISIÚN**

**an 22.5.2025**

**maidir le bochtaineacht iompair: soghluaisteacht inacmhainne, inrochtana agus chothrom a áirithiú**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaítear le Prionsabal 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[1] go bhfuil an ceart ag cách chun rochtain a fháil ar sheirbhísí fíor-riachtanacha, lena n-áirítear iompar, agus gur cheart tacaíocht le haghaidh rochtain ar sheirbhísí den sórt sin a bheith ar fáil dóibh siúd a bhfuil gá acu léi. Leis an iompar, is féidir rochtain a fháil freisin ar ghníomhaíochtaí eile atá ríthábhachtach le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí agus sa mhargadh saothair, cuir i gcás, fostaíocht, cúram sláinte agus oideachas. Sa chomhthéacs sin, is ábhar imní atá ag dul i méid í an bhochtaineacht iompair, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, toisc go gcuireann sí rochtain ar na seirbhísí sin i mbaol agus, ar an gcaoi sin, go gcuireann sí leis an eisiamh sóisialta.

(2) Leagtar amach sa Chompás Iomaíochais[2] gur réamhchoinníoll é bonneagar iompair leordhóthanach d'iomaíochas an Aontais, lena dtacaítear go háirithe le lóistíocht, táirgeadh in am agus soghluaisteacht daoine, earraí agus seirbhísí. Léirítear i dtaighde freisin go bhfuil ról ríthábhachtach ag an iompar maidir le forbairt eacnamaíoch, folláine agus cothroime shóisialta a chur chun cinn trí thacú le rochtain ar phoist ardcháilíochta lena n-áirítear daoine atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta agus grúpaí leochaileacha áirithe den tsochaí[3]. Is féidir leis rannchuidiú le cothroime agus dlúthpháirtíocht idirghlúine a fheabhsú.

(3) Bunaíodh an Ciste Aeráide Sóisialta (CAS) chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair dhiúltacha dáileacháin a d'fhéadfadh a bheith ann dá leathnófaí cumhdach mhargaí carbóin an Aontais chuig foirgnimh agus iompar de bhóthar le córas nua trádála astaíochtaí (CTA2) i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE agus na tionchair dhiúltacha sin a mhaolú. Meastar go slógfaidh an Ciste Aeráide Sóisialta EUR 86,7 billiún idir 2026 agus 2032 chun tacú le teaghlaigh leochaileacha, le húsáideoirí iompair agus le micrifhiontair atá thíos go mór leis an mbochtaineacht fuinnimh agus iompair. Chun rochtain a fháil ar an gcistiú sin, ní mór do na Ballstáit a bpleananna náisiúnta aeráide sóisialta a chur isteach faoin 30 Meitheamh 2025 agus na garspriocanna agus na

[1] https://employment-social-affairs.ec.europa.eu/european-pillar-social-rights-20-principles_en?prefLang=ga

[2] https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness_ga

[3] *Economic Perspectives on Transport and Equality* (ECFE, 2011); *Study on the social dimension of the future EU transport system regarding users and passengers* [Staidéar ar an ngné shóisialta de chóras iompair an Aontais a bheidh ann amach anseo maidir le húsáideoirí agus paisinéirí] (AE 2022)

spriocanna ábhartha a bhaint amach ar bhealach sásúil. Tá sé beartaithe leis an Moladh seo tacú leis na Ballstáit ina gcuid oibre.

(4) Féadfaidh na Ballstáit an Ciste Aeráide Sóisialta a úsáid chun tacú le bearta agus infheistíochtaí struchtúracha chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus foirgnimh a dhícharbónú, agus réitigh shoghluaisteachta glaine a chur chun cinn, ar choinníoll go ndíreofar na tionscnaimh sin ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair nó ar úsáideoirí iompair go príomha. Áirítear ar bhearta agus infheistíochtaí incháilithe a bhaineann le hiompar úsáid iompair phoiblí atá inacmhainne agus inrochtana a dhreasú, tacú le heintitis phríobháideacha agus phoiblí, lena n-áirítear comharchumainn, soghluaisteacht inbhuanaithe ar éileamh, seirbhísí soghluaisteachta comhroinnte agus roghanna soghluaisteachta gníomhacha a fhorbairt agus a sholáthar, rochtain ar fheithiclí agus ar rothair astaíochtaí nialasacha a éascú, bonneagar a fhorbairt le haghaidh athluchtú agus athbhreoslú, agus tacú le margadh dara láimhe d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha a fhorbairt.

(5) Le hAirteagal 2(2) de Rialachán CAS[4], tugadh isteach an chéad sainmhíniú uile-Aontais, an t-aon sainmhíniú amháin atá ann, ar bhochtaineacht iompair chun críocha an Rialacháin. Tagraíonn sé do '*neamhábaltacht nó deacracht daoine aonair agus teaghlach na costais a bhaineann le hiompar príobháideach nó poiblí a sheasamh, nó easpa rochtana nó rochtain theoranta a bheith acu ar an iompar is gá ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar sheirbhísí agus gníomhaíochtaí socheacnamaíocha fíor-riachtanacha, agus an comhthéacs náisiúnta agus spásúil á chur san áireamh'*.

(6) Maidir leis an sainmhíniú ar bhochtaineacht iompair mar a áirítear sa Rialachán maidir leis an gCiste Aeráide Sóisialta, is féidir na trí ghné seo a leanas a shainaithint:

(a) Inacmhainneacht: cumas daoine aonair agus teaghlach íoc as iompar príobháideach nó poiblí

(b) Iompar a bheith ar fáil: seirbhísí iompair a bheith ann agus minicíocht na seirbhísí sin

(c) Inrochtaineacht: cumas daoine aonair agus teaghlach seirbhísí agus gníomhaíochtaí socheacnamaíocha fíor-riachtanacha a bhaint amach laistigh de thréimhse réasúnta ama.

Tá an ceathrú gné, 'leordhóthanacht an chórais iompair', úsáideach chun tuairisc a thabhairt ar inúsáidteacht an chórais, fiú mura cuid den sainmhíniú oifigiúil é. Áirítear le 'leordhóthanacht' gnéithe breise éagsúla, mar shampla, iontaofacht, oiriúnacht do dhaoine a úsáideann é le haghaidh na hoibre agus/nó dualgais cúraim (amhail chun taisteal go háiteanna oibre agus uathu agus chun leanaí a iompar), sábháilteacht agus slándáil an chórais iompair agus é a bheith ar fáil lasmuigh de na príomhuaireanta iompair, cé acu atá nó nach bhfuil sé saor ó bhacainní agus cé acu atá nó nach bhfuil faisnéis faoi dheiseanna taistil ar fáil go forleathan[5].

---

4 Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, IO L 130, 16.5.2023

5 Mar atá san áireamh in: An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Cludius, J.Noka, V., Unger, N., Delfosse, L. et al., Tuarascáil Chríochnaitheach, *Transport poverty: definitions, indicators, determinants, and mitigation strategies* [Bochtaineacht iompair: sainmhínithe, táscairí, deitéarmanaint agus straitéisí maolaithe], Deireadh Fómhair 2024

(7) Eascraíonn cúiseanna na bochtaineachta iompair as ioncam íseal agus as bacainní sistéamacha eile, ar nós easpa rochtana ar thithíocht inacmhainne i ngaireacht don ionad oibre, ar shaoráidí oideachais agus ar sheirbhísí riachtanacha, leithlisiú geografach, iompar poiblí nó príobháideach gan a bheith ar fáil nó ar fáil go teoranta nó saintréithe sonracha socheacnamaíocha, déimeagrafacha agus fisiceacha a chuireann teorainn le cumas daoine aonair tairbhe a bhaint as seirbhísí iompair leordhóthanacha.

(8) De réir staidéar ón gCoimisiún, is airde an caiteachas iomlán ar iompar i gceantair ina bhfuil meándlús daonra, b'fhéidir mar gheall ar sciar níos mó comaitéireachta agus níos mó turas ó na ceantair sin go cathracha (e.g. le haghaidh oibre nó siopadóireachta)[6]. Mar a leagtar amach i Straitéis an Aontais do na Réigiúin is Forimeallaí[7], tá ról ríthábhachtach ag an iompar do na réigiúin is forimeallaí, na codanna is iargúlta den Aontas. Is iondúil go ndéanann bochtaineacht iompair difear ar leith d'oileáin agus do na réigiúin is forimeallaí, lena n-áirítear maidir le rochtain cónaitheoirí ar sheirbhísí socheacnamaíocha bunriachtanacha, spleáchas ard ar aeriompar agus ar mhuiriompar agus inionadaitheacht níos ísle modhanna iompair[8].

(9) Léiríonn sonraí ó Eurostat[9] go raibh sciar na ndaoine nach bhfuil in acmhainn gluaisteán a bheith acu agus atá i mbaol bochtaineachta (faoi bhun 60 % den ioncam coibhéisithe airmheánach) idir thart ar 6 % (5,5 % san Iodáil, 6 % sa Chipir agus 6.2 % i Málta) agus níos mó ná 30 % (34,3 % san Fhionlainn, 34 % sa Rómáin agus 32,4 % sa tSlóvaic agus san Ungáir) in 2023. Athraíonn an staid go mór ag brath ar an gcineál teaghlaigh. In 12 Bhallstát, bhí níos mó ná 30 % de dhaoine a bhfuil leanaí cleithiúnacha agus ioncam íseal acu ann nach raibh sé d'acmhainn acu gluaisteán a bheith acu (44,4 % sa tSlóvaic, 43,4 % san Ungáir) in 2023.

(10) Ar bhonn níos leithne, is féidir a mheas go bhfuil daoine aonair nó teaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam íseal a bhfuil iompar poiblí nó príobháideach d'acmhainn acu 'i mbaol bochtaineachta iompair' más sciar mór dá mbuiséad príobháideach é an t-iompar (mar shampla níos mó ná dhá oiread airmheán dhaonra na tíre).

(11) Ceann de na tosaíochtaí den Ghréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) is ea bochtaineacht iompair a chosc agus a mhaolú. Ní mór do bhonneagar TEN-T soghluaisteacht agus inrochtaineacht réidh a áirithiú do gach úsáideoir, go háirithe iad siúd atá i gcásanna bochtaineachta nó leochaileachta iompair.

---

6 An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil Theicniúil JRC, *Energy Poverty, Transport Poverty and Living Conditions, an analysis of EU data and socioeconomic indicators* [Bochtaineacht Fuinnimh, Bochtaineacht Iompair agus Dálaí Maireachtála, anailís ar shonraí agus ar tháscairí socheacnamaíocha an Aontais Eorpaigh], 2022

7 An Coimisiún Eorpach, Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Tús áite a thabhairt do dhaoine, fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú, leas a bhaint as acmhainneacht na réigiún is forimeallaí san Aontas', COM(2022) 198 final, 3.5.2022

8 Ar mhór-roinn na hEorpa, is fusa eitiltí gearraistir a ionadú le turais traenach nó ghluaisteáin ná sna réigiúin is forimeallaí, féach an staidéar ó Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh ag Coiste TRAN, *Transport and tourism in outermost regions: assessing mobility poverty and the effects of new climate policies* [Iompar agus turasóireacht sna réigiúin is forimeallaí: measúnú ar bhochtaineacht soghluaisteachta agus ar éifeachtaí beartas nua aeráide], PE 759.311, Márta 2025, https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2025/759311/CASP_STU(2025)759311_EN.pdf

9 https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/ilc_mddu05/default/table?lang=en&category=livcon.ilc.ilc_md.ilc_mddu

(12) Le fís fhadtéarmach an Choimisiúin do cheantair thuaithe na hEorpa[10], iarrtar ar na Ballstáit agus ar na réigiúin straitéisí soghluaisteachta tuaithe inbhuanaithe a fhorbairt, agus é mar chuspóir foriomlán 'limistéir thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla a chruthú faoi 2040'. Leis an bhfís sin, éilítear iarrachtaí chun seirbhísí iompair phoiblí inacmhainne, agus bonneagar, amhail iarnróid, uiscebhealaí intíre, bóithre, stáisiúin luchtaithe agus athbhreoslaithe, a chothabháil agus a fheabhsú, chun tacú le réitigh soghluaisteachta astaíochtaí nialasacha, raonta rothaíochta, naisc ilmhódacha lena n-áirítear iompar gníomhach, agus naisc loingseoireachta gearrthurais agus aeriompair.

(13) Mar a luaitear i bPlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch an Choimisiúin um an tionscal gluaisteán Eorpach[11], is féidir le scéimeanna léasaithe shóisialta[12] cabhrú le réitigh shoghluaisteachta inacmhainne agus ghlana a sholáthar d'úsáideoirí iompair leochaileacha, agus d'fhéadfaí iad a mhaoiniú leis na cistí a shlógfaidh an Ciste Aeráide Sóisialta idir 2026 agus 2032. Thairis sin, d'fhéadfadh feithiclí uathrialaitheacha comhroinnte, seirbhísí tointeála uathrialaitheacha agus feithiclí cianoibrithe rannchuidiú le dúshláin an chéad mhíle/an mhíle dheireanaigh a réiteach do phobail nach ndéantar freastal ceart orthu[13].

(14) D'éascaigh an Coimisiún malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát maidir le bearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha atá le cur san áireamh sna pleananna aeráide sóisialta[14], agus maidir le comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh.[15] Tá treoirdhoiciméid a bhaineann le cur chun feidhme an Chiste Aeráide Sóisialta[16] foilsithe aige, chomh maith le tacar moltaí ina bhfuil dea-chleachtais don Chiste Aeráide Sóisialta arna

---

[10] COM (2021) 345 final, https://ec.europa.eu/regional_policy/en/newsroom/news/2021/06/30-06-2021-long-term-vision-for-rural-areas-for-stronger-connected-resilient-prosperous-eu-rural-areas

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach, COM/2025/95 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0095

[12] Féach, mar shampla, scéim léasaithe shóisialta na Fraince i roinn 3.6.3 de: An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, Ludden, V., Laine, A., Vondung, F., Koska, T. et al., *Support for the implementation of the Social Climate Fund – Note on good practices for cost-effective measures and investments – Executive summary* [Tacaíocht do chur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta – Nóta maidir le dea-chleachtais le haghaidh bearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha – Achoimre feidhmiúcháin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2834/668436

[13] Féach 'Tuarascáil Iompair agus Comhshaoil 2022' ón nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil, https://www.eea.europa.eu/publications/transport-and-environment-report-2022

[14] An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, Ludden, V., Laine, A., Vondung, F., Koska, T. et al., *Support for the implementation of the Social Climate Fund – Note on good practices for cost-effective measures and investments – Executive summary* [Tacaíocht do chur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta – Nóta maidir le dea-chleachtais le haghaidh bearta agus infheistíochtaí costéifeachtacha – Achoimre feidhmiúcháin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, **https://data.europa.eu/doi/10.2834/668436**

[15] An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Gelibolyan, K., *Support for the implementation of the Social Climate Fund – Note on good practices of public consultation for the Social Climate Plans* [Tacaíocht do chur chun feidhme an Chiste Aeráide Shóisialta – Nóta maidir le dea-chleachtais comhairliúcháin phoiblí le haghaidh na bPleananna Aeráide Sóisialta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, **https://data.europa.eu/doi/10.2834/49708**

[16] An Coimisiún Eorpach, Fógra ón gCoimisiún, Treoraíocht maidir leis na Pleananna Aeráide Sóisialta, C(2025) 881 final, 5.3.2025, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/PDF/?uri=OJ:C_202501597&qid=1744546825872

gceapadh ag an bhFoghrúpa maidir le hIompar Poiblí agus Soghluaisteacht Chomhroinnte den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Soghluaisteacht Uirbeach[17].

(15) Tá sé ríthábhachtach sonraí a bhailiú maidir le táscairí atá ábhartha ó thaobh beartais de chun tosaíochtaí beartais a shainiú, chun na príomhthairbhithe a shainaithint agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna beartais. Is féidir le roinnt táscairí a d'fhorbair Eurostat tacú leis an bpróiseas sin agus torthaí a chur i gcomparáid ar fud an Aontais, ag tógáil ar na scórchláir agus ar na creataí faireacháin atá ann cheana, amhail an Scórchlár Sóisialta[18], chomh maith le fianaise eile a roinntear sna hathbhreithnithe tráthrialta ar dhul chun cinn chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cóir a áirithiú do chách[19].

(16) Déanann an Fhaireachlann Eorpach um Aistriú Cóir, a sheolfar in 2026, obair leantach ar an Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú[20] agus is é is aidhm di an bonn fianaise maidir le gnéithe cothroime den aistriú glas a neartú. Déanfaidh an Fhaireachlann sonraí ábhartha a fhorbairt agus a chomhthiomsú, táscairí caighdeánaithe a fhorbairt, dea-chleachtais a bhailiú agus comhroinnt sonraí maidir le treochtaí agus beartais ábhartha a éascú, lena n-áirítear bochtaineacht iompair agus grúpaí leochaileacha.

(17) I bhfianaise na n-idirnasc atá aige le réimsí éagsúla beartais, ní féidir dul i ngleic leis an mbochtaineacht iompair ina haonar. Tá sé ríthábhachtach cur chuige trasearnála a ghlacadh agus bearta á bhforbairt lena dtugtar aghaidh ar ghrúpaí leochaileacha, mar shampla trí fhorbairtí tithíochta sóisialta a nascadh le soláthar bonneagair iompair leordhóthanaigh, inacmhainne agus inbhuanaithe.

Á MHOLADH LEIS SEO GO nDÉANFAIDH NA BALLSTÁIT AN MÉID SEO A LEANAS:

*Roinn I — Cur chuige straitéiseach a fhorbairt chun bochtaineacht iompair a chomhrac agus a chosc*

1. Bochtaineacht iompair a chomhtháthú i straitéisí i gcoinne na bochtaineachta agus straitéisí earnála (e.g. fuinneamh) ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach le cuspóirí atá sainithe go soiléir agus intomhaiste, pleananna cur chun feidhme inghníomhaithe ag a bhfuil garspriocanna, freagrachtaí soiléire agus acmhainní leordhóthanacha don fhadtéarma. Ba cheart gurb é an aidhm fhoriomlán bochtaineacht iompair a chosc agus a laghdú agus an comhshaol agus cuspóirí comhaontaithe a bhaineann go sonrach leis an aeráid agus inmharthanacht eacnamaíoch á n-urramú ag an am céanna. Is féidir inspioráid a fháil ón bpróiseas a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/955 chun pleananna náisiúnta aeráide sóisialta a bhunú faoin gCiste Aeráide Sóisialta, ón Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú, agus ó na treoirlínte chun pleananna soghluaisteachta

[17] Foghrúpa EGUM maidir le hIompar Poiblí agus Soghluaisteacht Chomhroinnte, 10.6.2024, https://transport.ec.europa.eu/document/download/f7e54ea5-23aa-4f8d-a24c-9d902fc9652c_en?filename=EGUM_Recommendations_Social-Climate-Fund.pdf

[18] Féach https://ec.europa.eu/eurostat/cache/dashboard/social-scoreboard/

[19] Féach https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-15439-2023-INIT/ga/pdf

[20] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú 2022/C 243/04, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32022H0627(04)

uirbí inbhuanaithe a tharraingt suas[21], agus is féidir féachaint chuige ailíniú a dhéanamh leis na rudaí sin. Is céimeanna tábhachtacha sa phróiseas sin iad na céimeanna seo a leanas:

(a) Grúpaí leochaileacha a ndéanann bochtaineacht iompair difear dóibh a shainaithint, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil agus ar bhunchúis nó ar bhunchúiseanna na bochtaineachta iompair i gcríocha náisiúnta, agus gach gné den bhochtaineacht iompair á cur san áireamh;

(b) Fadhbanna a shainaithint agus a anailísiú agus pleanáil idirdhisciplíneach a dhéanamh ina bhfuil páirtithe leasmhara agus an pobal rannpháirteach, agus béim ar leith á leagan ar údaráis agus ionadaithe réigiúnacha agus áitiúla, agus úsáid á baint as próiseas comhairliúcháin phoiblí agus rannpháirtíochta páirtithe leasmhara atá cuimsitheach agus trédhearcach, agus páirt ghníomhach á tabhairt do na spriocghrúpaí ag gach céim;

(c) Bearta agus infheistíochtaí oiriúnacha a shainaithint atá nasctha le garspriocanna, spriocanna agus amlínte intomhaiste chun deireadh a chur de réir a chéile leis an mbochtaineacht iompair, úsáid a bhaint as measúnuithe maidir le tionchair dáileacháin le haghaidh na mbeart agus na n-athchóirithe[22];

(d) Bearta agus infheistíochtaí a chur chun feidhme agus faireachán poiblí a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn bunaithe ar réimse táscairí feidhmíochta, agus b'fhéidir na beartais a choigeartú, más gá, agus úsáid á baint as próisis rialachais, scórchláir agus táscairí atá ann cheana de réir mar is ábhartha.

2. Comhleanúnachas agus sineirgí a áirithiú le cur chun feidhme agus athbhreithnithe tráthrialta ar dhul chun cinn faoin Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú. Riachtanais iompair a chur san áireamh agus pleananna cuimsithe á dtarraingt suas do thairbhithe ioncaim íosta[23].

3. Comhleanúnachas a áirithiú leis na bearta agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe agus leis na gealltanais a tugadh faoi chláir agus pleananna gaolmhara éagsúla, mar shampla faoi phleananna téarnaimh agus athléimneachta, cláir beartais chomhtháthaithe, pleananna críochacha um aistriú cóir, pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, straitéisí fadtéarmacha tógála agus pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, agus pleananna aeráide sóisialta.

---

[21] https://urban-mobility-observatory.transport.ec.europa.eu/sustainable-urban-mobility-plans/sump-guidelines-and-decision-makers-summary_en?prefLang=ga

[22] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát, COM(2022) 494 final, 28.9.2022, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52022DC0494

[23] Moladh ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach (2023/C 41/01)

4. Gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha a chumhachtú agus a n-acmhainneacht a neartú chun na bearta agus na hinfheistíochtaí iomchuí a shainaithint, a dhearadh agus a dhéanamh, trí rochtain a sholáthar ar oiliúint, ar uirlisí agus ar na hacmhainní iomchuí. Tá na gníomhaithe sin ríthábhachtach chun réitigh a chur in oiriúint do riachtanais shonracha a bpobal agus chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú ar an leibhéal áitiúil.

5. Dea-chleachtais, ceachtanna a foghlaimíodh agus tionchair na mbeart ar ghrúpaí leochaileacha éagsúla a roinnt, chun foghlaim fhrithpháirteach a chothú agus éifeachtacht na n-idirghabhálacha ar fud an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear trí rannchuidiú leis an bhFaireachlann Eorpach um Aistriú Cóir atá ar na bacáin.

*Roinn II — Pleanáil beartais*

6. Leibhéal inrochtana ar iompar inacmhainne a mheasfar a bheith leordhóthanach a bhunú, in aghaidh an réigiúin agus ar an leibhéal áitiúil freisin, lena n-áiritheofar go ndéanfar dáileadh spásúil na seirbhísí socheacnamaíocha bunriachtanacha agus soláthar roghanna agus bonneagair iompair a ailíniú.

7. Faigh inspioráid ón gcreat inrochtaineachta a d'fhorbair an Coimisiún, an Fóram Iompair Idirnáisiúnta ag ECFE, a bhraitheann ar (i) inrochtaineacht, a shainítear mar líon iomlán na gceann scríbe is féidir a shroicheadh laistigh de mhéid socraithe ama; (ii) gaireacht, ag tagairt do líon iomlán na gceann scríbe atá suite laistigh d'achar seasta; agus (iii) feidhmíocht iompair, a mheastar mar an cóimheas idir inrochtaineacht agus gaireacht, agus an daonra inrochtana á chur i gcomparáid leis an daonra in aice láimhe[24]. Turais ilmhódacha a chur san áireamh, mar shampla, comhcheangail de thraenacha agus busanna chun tosaíochtaí le haghaidh infheistíochtaí bonneagair a chinneadh. Agus gnéithe inacmhainneachta iompair á gcur san áireamh freisin, measúnú a dhéanamh ar cé acu a fheabhsófar nó nach bhfeabhsófar an bonneagar atá ann cheana, a leathnófar nó a thógfar bonneagar nua, nó a fheabhsófar nascacht ilmhódach, ar nós conairí rothaíochta a théann chuig stáisiúin traenach, nó busanna a nascann le stáisiúin traenach.

8. Tacú le húdaráis áitiúla i limistéir uirbeacha agus pheirea-uirbeacha agus iad a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht iompair agus pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu. Machnamh a dhéanamh ar chineálacha cur chuige comhchosúla a ghlacadh chun

24 An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Brons, M., Poelman, H., Ackermans, L., Ibáñez, J. et al., *Passenger rail performance in Europe – Regional and territorial accessibility indicators for passenger rail* [Feidhmíocht iarnróid paisinéirí san Eoraip – Táscairí inrochtaineachta réigiúnacha agus críochacha d'iarnród paisinéirí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021 Inforegio – *Passenger rail performance in Europe: Regional and territorial accessibility indicators for passenger rail*. Maidir le hiompar de bhóthar, féach an Coimisiún Eorpach, *Road Transport Performance in Europe* [Feidhmíocht Iompair de Bhóthar san Eoraip], 2018, Inforegio – *Road transport performance in Europe*

réitigh shoghluaisteachta a phleanáil i réigiúin tuaithe agus iargúlta nach gcumhdaítear le pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe.

9. Machnamh a dhéanamh ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh mhóra sonraí trí bhailiú tráthrialta córasach sonraí[25], agus na torthaí a chur ar fáil go poiblí ar ardáin sonraí rialtais ar leibhéil éagsúla rialtais. Machnamh a dhéanamh ar tháscairí agus sonraí imdhealaithe a fhorbairt agus a úsáid, lena n-áirítear de réir inscne agus ioncaim, in éineacht le táscairí geospásúla (féach na samplaí in Iarscríbhinn I), ar leibhéal NUTS3[26] ar a laghad, lena gcumhdófar infhaighteacht gréasán iompair agus an ghné inrochtaineachta (suíomh seirbhísí socheacnamaíocha bunriachtanacha).

10. Éifeachtúlacht na n-ionstraimí cistiúcháin náisiúnta agus na n-ionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais atá ar fáil a uasmhéadú chun bonneagar iompair agus seirbhísí iompair a mhaoiniú lena ndéantar bochtaineacht iompair a chomhrac agus soghluaisteacht inbhuanaithe á cur chun cinn ar fud an Aontais ag an am céanna. Machnamh a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil, ar an amlíne le haghaidh infheistíochtaí, ar riachtanais na bpobal áitiúil agus ar chostais agus tairbhí na modhanna éagsúla iompair sa chomhthéacs sin.

11. Oibriú i gcomhar le Ballstáit eile chun a mbeartais maidir le bailiú sonraí a ailíniú agus chun roghanna iompair a chur ar fáil thar theorainneacha náisiúnta, go háirithe d'úsáideoirí leochaileacha iompair, agus chun ionchur ó pháirtithe leasmhara a spreagadh thar theorainneacha chomh maith.

*Roinn III — Dearadh beartais*

12. Tosaíocht a thabhairt do bhearta a théann chun tairbhe do na daoine aonair agus do na teaghlaigh is mó atá thíos leis an mbochtaineacht iompair, bunaithe ar mheasúnuithe láidre ar thionchair dáileacháin na mbeart agus na mbeartas ábhartha.

13. Is féidir bearta tacaíochta spriocdhírithe a dhíriú, mar shampla, ar theaghlaigh ar ioncam íseal nó ar theaghlaigh ar mheánioncam íseal i limistéir gheografacha nach ndéantar freastal ceart orthu, gan grúpaí leochaileacha a fhágáil ar lár i limistéir níos

---

[25] Is iad seo a leanas gnéithe tábhachtacha i ndáil leis sin, mar shampla: suíomh na stadanna iompair phoiblí agus tráthchláir iompair phoiblí (minicíocht na nasc), amanna comaitéireachta bunaithe ar shonraí fíor-ama (go háirithe sreafaí tráchta buaicuaireanta), na turais is coitianta ar an leibhéal áitiúil, sonraí maidir leis an ngréasán bóithre, sonraí maidir le húinéireacht gluaisteán, bonneagar rothaíochta agus siúil, agus sonraí maidir le suíomh na seirbhísí socheacnamaíocha fíor-riachtanacha. Go hidéalach, ba cheart a sholáthar leis na sonraí faisnéis maidir le stádas treochtaí i dtaobh gach modha iompair chomh maith leis na cúiseanna le modh iompair ar leith a roghnú i limistéar geografach, agus leibhéal comhtháthaithe na modhanna (ilmhódúlacht).

[26] Is aonad críche é réigiún NUTS 3 mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche maidir le staidreamh (NUTS) a bhunú.

rathúla, mar shampla i gcathracha móra. Cur chuige eile is ea an tacaíocht a dhíriú ar chatagóirí áirithe daoine leochaileacha, go háirithe iad siúd atá spleách ar iompar innealta atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise agus nach bhfuil rochtain acu ar roghanna iompair phoiblí inacmhainne agus leordhóthanach, nó nach leor infhaighteacht na seirbhísí sin ina gceantar nó nach bhfuil ach fáil theoranta acu orthu. Rogha eile is ea feabhsuithe ar an gcóras iompair phoiblí (atá ar fáil do chách) a chomhcheangal le praghsanna laghdaithe nó dearbháin le haghaidh iompar poiblí do ghrúpaí leochaileacha (féach Iarscríbhinn II, ina liostaítear roinnt beart agus infheistíochtaí mar shamplaí, chomh maith leis an Treoraíocht ón gCoimisiún maidir leis na pleananna aeráide sóisialta). Ar an mbealach seo, is féidir an tairiscint iompair fhoriomlán a fheabhsú chun leasa gach duine, agus is féidir barainneachtaí scála a bhaint amach níos éasca.

14. A áirithiú nach bhfuil bearta teoranta do dhaoine a bhfuil gluaisteáin nó rothair acu ach go n-áirítear iontu dícharbónú na hearnála iompair áitiúil agus a bonneagar freisin. Gach cineál soghluaisteachta a chur san áireamh: iompar poiblí ilmhódach chomh maith le seirbhísí nua atá bunaithe ar chomhroinnt turas, comhroinnt gluaisteán (lena n-áirítear feithiclí a d'fhéadfadh a bheith uathrialaitheach), agus seirbhísí soghluaisteachta comhroinnte lena n-áirítear micrea-shoghluaisteacht, seirbhísí ar éileamh agus soghluaisteacht ghníomhach (siúl agus rothaíocht).

15. Tarraingt ar na dea-chleachtais agus na tosaíochtaí le haghaidh gníomhaíochta a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún le déanaí maidir le flíteanna corparáideacha a dhícharbónú[27], lenar féidir dlús a chur le ráta athraithe feithiclí corparáideacha astaíochtaí nialasacha agus, ar an gcaoi sin, tacú le teacht chun cinn margaidh athláimhe leathain.

16. Machnamh a dhéanamh ar rochtain ar fheithiclí astaíochtaí nialasacha nua agus dara láimhe a thabhairt d'úsáideoirí leochaileacha iompair agus do mhicreafhiontair leochaileacha, trí bhearta ar nós scéimeanna léasaithe shóisialta, in éineacht le cur in úsáid bonneagar athluchtúcháin. Agus scéimeanna á gceapadh le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil ar cíos nó a léasú do ghrúpaí leochaileacha, d'fhéadfaí tosca amhail leibhéal ioncaim, inrochtaineacht agus infhaighteacht seirbhísí iompair phoiblí agus seirbhísí soghluaisteachta comhroinnte atá ann cheana, agus meánamanna comaitéireachta agus achair chomaitéireachta a chur san áireamh.

17. Úsáid an mhodha is inbhuanaithe atá ar fáil a dhreasú, agus a áirithiú an am céanna go mbeidh sé sin ag teacht le riachtanais laethúla na spriocghrúpaí. Tús áite a thabhairt don iompar poiblí thar shoghluaisteacht neamhghníomhach aonair, rud a laghdóidh spleáchas ar charranna príobháideacha. Tacú le feabhas a chur ar naisc iompair phoiblí i limistéir uirbeacha chomh maith leis an nasc le limistéir thuaithe, imeallacha agus iargúlta. Beartas a dhearadh a chuireann riachtanais iompair níos leithne san áireamh, agus tacaíocht láithreach á díriú ar ghrúpaí a ndéanann bochtaineacht iompair difear dóibh. Ní hamháin go dtabharfaidh sé sin aghaidh ar

---

[27] COM(2025) 96 final

bhochtaineacht iompair ach cuirfidh sé feabhas freisin ar an nascacht i gcoitinne, laghdóidh sé astaíochtaí $CO_2$ agus truailleán aeir, brú tráchta, timpistí agus torann, agus cuirfidh sé rogha mhalartach inmharthana ar fáil do gach grúpa daonra.

18. Limistéir an olliompair chomhchoitinn a mhéadú trína nascadh le busanna, chomh maith le seirbhísí tointeála ar éileamh, réitigh shoghluaisteachta chomhroinnte (mar shampla, feithiclí comhroinnte, rothair leictreacha, scútair leictreacha, ach feithiclí uathrialaitheacha comhroinnte freisin, agus turais chomhroinnte trí ghluaisteáin a roinnt), soghluaisteacht mar sheirbhís agus soghluaisteacht ghníomhach.

19. I gcás seirbhísí iompair phoiblí áitiúla agus réigiúnacha nach bhfuil inmharthana ó thaobh na tráchtála de, machnamh a dhéanamh i dtaobh conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain, lena n-áirítear cúiteamh iomchuí le hoibreoirí iompair, chun soláthar leordhóthanach seirbhísí a áirithiú chun freastal ar riachtanas seirbhíse poiblí[28]. I limistéir nach ndéantar freastal ceart orthu, machnamh a dhéanamh ar thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí ar éileamh, amhail iompar comhchoiteann de bhóthar nó tacsaithe comhroinnte, go háirithe i limistéir inar tearc an daonra. Iontráil oibreoirí iompair sa mhargadh a spreagadh trí bhacainní riaracháin nó dlí eile ar sholáthar seirbhísí a laghdú, d’fhonn an rogha agus an inrochtaineacht a mhéadú agus praghsanna a íoslaghdú d’úsáideoirí, go háirithe d’úsáideoirí leochaileacha.

20. Machnamh a dhéanamh ar thástáil phíolótach a dhéanamh ar chur in úsáid feithiclí uathrialaitheacha comhroinnte, seirbhísí tointeála uathrialaitheacha agus feithiclí cianrialaithe chun iompar inacmhainne agus éifeachtúil a sholáthar i bpobail nach ndéantar freastal ceart orthu agus chun dúshláin an chéad mhíle agus an mhíle dheiridh a réiteach, agus trína áirithiú go mbeidh na coinníollacha dlíthiúla iomchuí i bhfeidhm chun soláthar na seirbhísí sin a cheadú.

21. Úsáid mhéadaithe rothar, rothar leictreach agus réiteach micrea-shoghluaisteachta comhchosúil, chomh maith leis an siúl (trí bhonneagar siúil). Gréasán bonneagair rothar atá sábháilte, slán agus áisiúil a fhorbairt, lena n-áirítear páirceáil rothar agus seirbhísí gaolmhara (amhail córais chomhroinnte rothar), a nascann limistéir ar ioncam íseal le cinn scríbe ábhartha. Machnamh a dhéanamh ar cheannach nó leasú rothar, rothar leictreach agus rothar lastais a fhóirdheonú chun tacú le húsáideoirí iompair ar ioncam íseal.

22. A áirithiú go bhfuil comhionannas inscne[29], cuimsitheacht, agus inacmhainneacht agus inrochtaineacht iompair phoiblí agus seirbhísí comhroinnte soghluaisteachta,

---

28 Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 maidir le seirbhísí iompair phoiblí do phaisinéirí d’iarnród agus de bhóthar lena mbunaítear prionsabal na tairisceana éigeantaí le haghaidh conarthaí seirbhíse poiblí i réimse an iompair de thalamh.

29 Is féidir le huirlisí praiticiúla, amhail an lámhleabhar maidir le príomhshruthú comhionannais le haghaidh an iompair, cabhrú le húdaráis phoiblí agus le páirtithe leasmhara iompair é sin a chur i bhfeidhm. An Coimisiún Eorpach: Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, *Handbook for equality mainstreaming at DG MOVE — Training materials for equality mainstreaming in mobility and transport* [Lámhleabhar le haghaidh príomhshruthú comhionannais in DG MOVE – Ábhair oiliúna

lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, leabaithe i ndearadh agus i gcur chun feidhme an bheartais. Patrúin agus riachtanais soghluaisteachta níos casta (amhail modhanna iompair iomadúla a úsáid) grúpaí sóisialta éagsúla a mheas, go háirithe daoine nach bhfuil sé d'acmhainn acu gluaisteán príobháideach a bheith acu agus daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu. Machnamh a dhéanamh i gcónaí ar iompar poiblí nó réitigh soghluaisteachta gníomhaí a sholáthar chun áiteanna móra fostaíochta a bhaint amach, go háirithe i gcás áiteanna ina gcuirtear fostaíocht ar fáil do líon mór daoine ar ioncam íseal.

23. Tacú le bearta agus infheistíochtaí iompair le bonneagar digiteach leordhóthanach atá ar fáil go forleathan, go háirithe i gceantair iargúlta agus thuaithe. Seirbhísí nuálacha a thabhairt isteach (i gcás inarb ábhartha), amhail buiséid soghluaisteachta arna soláthar trí aipeanna soghluaisteachta mar sheirbhís nó tiachóga leictreonacha, chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil d'úsáideoirí leochaileacha. Réitigh dhigiteacha a chomhlánú le roghanna malartacha neamhdhigiteacha chun an fhaisnéis agus na seirbhísí a chur ar fáil freisin d'úsáideoirí a bhfuil drochlitearthacht dhigiteach acu nó a bhfuil rochtain theoranta acu ar an idirlíon. Freastal ar fhorbairt agus for-rochtain seirbhísí iompair a úsáideann teicneolaíocht dhigiteach chun raon níos leithne roghanna iompair a sholáthar agus amanna feithimh, am taistil, nó costas iompair a laghdú.

24. Feasacht a mhúscailt maidir leis na bearta uile atá dírithe ar bhochtaineacht iompair a chomhrac trí bhealaí cumarsáide iomchuí, chun a áirithiú go gcuirfear na tairbhithe beartaithe ar an eolas faoi na bearta atá ceaptha bochtaineacht iompair a mhaolú agus go spreagfar iad chun tairbhe a bhaint astu. Teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe leo siúd a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí atá i mbaol bochtaineachta iompair, chun páirt a thabhairt dóibh i bhfeachtais múscailte feasachta. Féachaint le dearcthaí an phobail a athrú i dtreo iompar inbhuanaithe, agus na roghanna sin a dhéanamh níos inghlactha agus níos inrochtana ar fud na tíre.

---

le haghaidh príomhshruthú comhionannais sa tsoghluaisteacht agus san iompar], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024, https://data.europa.eu/doi/10.2832/824729.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22.5.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Apostolos TZITZIKOSTAS*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

Martine DEPREZ
Stiúrthóir
Cinnteoireacht agus Coláisteacht
An Coimisiún Eorpach